# Cód Cleachtais



## Cód Cleachtais idir Cónaidhm Coincréite na hÉireann & an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitúil

Irish Concrete Federation
Set for life

Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil
**Environment, Heritage and Local Government**

An tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta
Roinn Comhshaoil, Oidhreachta
agus Rialtais Áitiúil

Ríomhphost: nationalmonuments@environ.ie
www.archaeology.ie




## Réamhrá an Aire


Fáiltímse, mar an tAire le cúram orm as ár n-oidhreacht thógtha agus nádúrtha, roimh an gCód Cleachtais seo idir mo Roinnse agus Cónaidhm Coincréite na hÉireann. Beidh an cód leasaithe mar bhonn taca faoin tiomantas fadbhunaithe ó Chónaidhm Coincréite na hÉireann chun tacú le cosaint agus caomhnú ár n-oidhreachta seandálaíochta. Is amhlaidh a fhéadann Cónaidhm Coincréite na hÉireann a bheith mórtasach as an gcaoi arbh iadsan an chéad eagraíocht ón earnáil phríobháideach a d'aontaigh ar Chód Cleachtais leis an Roinn thiar sa bhliain 2002. Bhí bunús an Chóid sin sa riachtanas praiticiúil chun ár n-oidhreacht seandálaíochta a bhainistiú, agus ag an am céanna dóthain amhábhar a shlánú chun an bonneagar a sholáthar faoi mar a fheictear sa Phlean Forbartha Náisiúnta. Is mithid dúinn an cód sin a athbhreithniú agus a leasú anois.

Is acmhainn éigse agus léinn iad na fosuithe seandálaíochta, agus sonraí á dtabhairt acu dúinn ar féidir linn léargas a fháil ar an stair uathu ach iad a láimhsiú agus a léirmhíniú go cúramach. Is sócmhainn náisiúnta í ár n-oidhreacht seandálaíochta, agus tá dualgas orainn go léir í a chosaint. De réir mar a ghintear sonraí agus léirmhíniú seandálaíochta is amhlaidh atá dualgas orainne dá bharr chun an t-eolas sin a scaipeadh.

Táimse cinnte dearfa de gur féidir cúram agus bainistiú ár n-oidhreachta a fheabhsú go mór trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha tábhachtacha a bhunú.  Táimse buíoch do thiomantas Chónaidhm Coincréite na hÉireann, trína nglacadh leis an gCód leasaithe seo, don chaomhnú seandálaíochta agus don fhorbairt inbhuanaithe, ag féachaint d'éilimh ár n-oidhreachta seandálaíochta saibhre. Ina theannta sin is amhlaidh a chreidimse go mbainfear amach aidhmeanna an Chóid trí spiorad leanúnach na comhpháirtíochta agus na hiontaoibhe frithpháirtí.



John Gormley T.D.,
An tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
Aibreán  2009



## Teachtaireacht ó Uachtarán Chónaidhm Coincréite na hÉireann

Is cúis áthais do Chónaidhm Coincréite na hÉireann (CCÉ) an Comhchód Cleachtais leasaithe seo a sheoladh leis an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar mhaithe le cosaint ár n-oidhreachta seandálaíochta. Is í CCÉ an comhlachas trádála náisiúnta don Tionscal Táirgí Tathagaithe agus Coincréite in Éirinn. Coinníonn an tionscal air ag rannchur go mór le forbairt eacnamúil agus shóisialta ár dtírne. Tá ról ríthábhachtach ag ár n-earnáil i bhforfheidhmiú Phlean Forbartha Náisiúnta an Rialtais. Braitheann cáilíocht ár mbeatha mar shaoránaigh ar fhorbairt inbhuanaithe na tithíochta, na mbóithre, na scoileanna agus an bhonneagair lena mbaineann. Teastaíonn eastóscadh agus próiseáil na dtathaguithe ó na forbairtí sin ar mhaithe le táirgeadh na coincréite agus na n-ábhar leagain bhóithre. Is é an prionsabal go ndéantar an fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe a thugann cosaint dár n-oidhreacht seandálaíochta a threoraíonn an CCÉ agus iad ag comhlíonadh na n-éileamh sin. Is díol suntais gurbh iad CCÉ an chéad eagraíocht ón earnáil phríobháideach a d'aontaigh ar Chód Cleachtais do chosaint ár n-oidhreachta seandálaíochta thiar sa bhliain 2002, agus fostaíonn CCÉ Bainisteoir Comhshaoil agus Seandálaí Tionscadail araon le cabhrú le forfheidhmiú na mbeartas sin. Ba mhian liom aitheantas a thabhairt do rannchur mór Choiste Pleanála agus Comhshaoil na Cónaidhme, fhoireann na CCÉ agus fhoireann na Roinne i bhforbairt an Chomhchóid Chleachtais leasaithe seo. Gabhaimid ár mbuíochas leo. Is amhlaidh dá réir go bhfuil ár mbaill lán-sásta glacadh leis an gComhchód Cleachtais leasaithe seo. Táimid lántiomanta mar earnáil d'fheidhmiú laistigh de na treoirlínte atá ordaithe faoin gCód seo lena chinntiú go dtugtar cosaint dár n-oidhreacht náisiúnta chomhchoiteann.



Alan Haugh
Uachtarán

## Cód Cleachtais arna aontú idir Cónaidhm Coincréite na hÉireann agus an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Is é cuspóir an Chóid seo ná creatlach a sholáthar laistigh den reachtaíocht, bheartas agus chleachtas atá ann le cur ar chumas bhaill Chónaidhm Coincréite na hÉireann (CCÉ) dul ar aghaidh lena clár oibre laistigh de chreatlach straitéis forbartha an Rialtais, agus maolú seandálaíochta iomchuí a dhéanamh ag féachaint go cuí do thacar prionsabal agus gníomhartha arna gcomhaontú idir an dá pháirtí.

Faigheann an Cód treoir ó na prionsabail chomhaontaithe seo a leanas:

1. Is ar an Aire atá cúram as cosaint na hoidhreachta seandálaíochta agus as cumhachtaí caomhnaithe a chleachtadh de réir Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930-2004, ag tógáil san áireamh an Coinbhinsiún Eorpach um Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta.

2. Is ar Chónaidhm Coincréite na hÉireann (CCÉ) atá cúram as soláthar tionscail chairéil, coincréite agus tathagaithe éifeachtúil in Éirinn a shlánú.



3. Ní dhéanann an Cód aon dochar do ról cinnteoireachta na n-údarás áitiúil i ndáil le hiarratais ar chead pleanála i gcomhair forbairtí cairéal agus forbairtí gaolmhara. Aithnítear go hiomlán go gcaitheann na húdaráis áitiúla réimse leathan saincheisteanna a thabhairt san áireamh nuair atáthar ag teacht ar na cinntí sin.

4. Ciallaíonn an fás i soláthar bonneagair sa Stát, agus forbairt nua na hearnála príobháidí chun an Plean Forbartha Náisiúnta a fhíorú, go mbíonn impleachtaí seandálaíochta nach beag ag tionscal na cairéalachta, nach foláir aghaidh a thabhairt orthu, toisc nach féidir acmhainní tathagaithe a shaothrú ach amháin sna háiteanna ina bhfuil siad suite. Toisc gur acmhainn neamh-inathnuaite atá san oidhreacht seandálaíocht, caithfear breathnú go cúramach ar shuíomhanna seandálaíochta aitheanta nó shuíomhanna féideartha nuair atá suíomhanna forbartha á roghnú.

5. Comhoibreoidh an CCÉ agus an tAire chomh fada agus is féidir lena chinntiú go ndéantar fiosrú seandálaíochta iomchuí sula bhfaightear talamh agus sula dtosaítear ar fhorbairt.



6. Forbrófar straitéisí iomchuí chun tionchair dhíreacha ar an tseandálaíocht a íoslaghdú, ag tógáil san áireamh na himpleachtaí sábháilteachta, tionchair chomhshaoil agus tionchair agus costais eile.

7. Íoslaghdaíonn pleanáil le haghaidh maolaithe ag an tráth is luaithe an tionchar ar an oidhreacht seandálaíochta.

8. Tabharfaidh baill ICF maoiniú le haghaidh chur chuige cothrom agus costéifeachtach i leith an fhiosraithe, na tochailte agus an mhaolaithe seandálaíochta mar ghné lárnach de chostais tionscadail forbartha ar bhunús an phrionsabail gurb é *an forbróir a íocann* as agus ag cloí le beartas sonraithe an Aire ina leith sin.

9. Caithfear le gach ball CCÉ ar bhealach cothrom agus cóir.

10. Beidh an tsirtheoireacht i gcomhair suíomhanna seandálaíochta agus iarsmaí eile dá leithéid seachas in imthosca eisceachtúla teoranta laistigh den atá limistéar i mbun forbartha.

11. Forchoimeádann gach páirtí an ceart chun achomharc a dhéanamh ar chinntí.

12. Tiomantas an dá pháirtí chun plé le himpleacht seandálaíochta na forbartha agus na síntí cairéil ar bhealach cothrom costéifeachtach ar comhsheasmhach é leis an leibhéal tochailte agus taifeadta do shuíomhanna seandálaíochta dá ndéantar dochar leis an eastóscadh don chairéal, ar inghlactha don Aire é.

13. Aontaíonn an dá pháirtí ar fhoireann a bhunú le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an Chóid Chleachtais agus le hathbhreithniú foirmiúil a dhéanamh laistigh de bhliain amháin óna ghlacadh agus ag eatraimh chomhaontaithe dá éis sin.

## Gníomhartha Comhaontaithe

**Déanfaidh (baill) CCÉ:**

1. Seandálaí tionscadail a cheapadh, nó a cheapachán a chinntiú chun dea-reáchtáil na míreanna seandálaíochta d'fhorbairt cairéil agus tionscadail sínte a mhaoirsiú (sainítear in Aguisín I ról an tseandálaí tionscadail; leagtar amach in Aguisín II an caidreamh idir an seandálaí tionscadail agus an seandálaí comhairleach).

2. Déanfaidh siad deimhin de gur ball d'fhoireann dearaidh an tionscadail é/í an seandálaí tionscadail. Beidh ionchur ag an seandálaí tionscadail mar bhall d'fhoireann dearaidh an tionscadail i bhforbairt an chláir agus na straitéise tógála / soláthair don tionscadal féin, lena n-áirítear forbairt dhoiciméid chonartha i ndáil le bainistiú na seandálaíochta. Beidh rannchur acu freisin, de réir mar is cuí, sna himpleachtaí don tseandálaíocht ag éirí as aon athrú molta sa chlár féin.

3. Fiosrú ar impleachtaí seandálaíochta an togra forbartha ag na céimeanna pleanála tosaigh d'fhonn féachaint le roghnú na limistéar forbartha a mhúnlú, lena chinntiú go dtugtar tábhacht leordhóthanach d'impleachtaí seandálaíochta agus an suíomh is fearr don fhorbairt á aithint, agus féachaint leis an tionchar ar shuíomhanna seandálaíochta aitheanta nó limistéir de chumas seandálaíochta seanbhunaithe a íoslaghdú.

4. Éileamh gurb é/í seandálaí a bhfuil seantaithí aige/aici a bheidh ag plé leis an bpróiseas de thionchar féideartha na dtograí forbartha ar an seandálaíocht a aithint.

5. Rachaidh siad i gcomhairle leis an Aire ar feadh an phróisis dearaidh.

6. Sa chás nach féidir é a sheachaint, tochailt agus taifeadadh ar gach séadchomhartha aitheanta, suíomh seandálaíochta agus codanna díobh a théann oibreacha tógála i bhfeidhm orthu, de réir na modheolaíochtaí comhaontaithe agus dóthain ama a ligean don taifeadadh sin chun sástacht an Aire.

7. An maoiniú riachtanach a sholáthar chun ceangaltais iar-thochailte an Aire a chomhlíonadh lena n-áirítear caomhnú ábhar seandálaíochta, soláthar anailísí eolaíochta agus dátú chomh maith le táirgeadh tuairiscí i leith gach saothair sheandálaíochta ar chaighdeán a shásóidh an tAire.



### Déanfaidh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (tríd an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne):

1. Freagra tráthúil a thabhairt ar chomhairlí ón Seandálaí Tionscadail agus ón Seandálaí Comhairleach.

2. Sonrú ar fhormáid agus chaighdeáin na dtuairiscí nach foláir a thabhairt isteach.

3. Ceadúnais a eisiúint do thochailtí seandálaíochta laistigh de 3 seachtaine ó iarratas a fháil.

4. Ceadanna a eisiúint atá de dhíth faoi Alt 14 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 arna leasú ag Alt 5 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 2004, laistigh de 6 seachtaine ó iarratas a fháil. (Tabhair faoi deara: Áirítear le hAlt 14 gach obair a théann i bhfeidhm ar shéadchomharthaí náisiúnta agus ní hamháin tochailtí seandálaíochta).



5. Clár iomchuí a chomhaontú leis an seandálaí tionscadail don mhaolú seandálaíochta agus/nó trinseáil tástála agus córas do thochailtí, lena n-áireofar amscálaí molta (le cur chun feidhme ag seandálaí an tionscadail faoi réir rialú foriomlán agus monatóireacht na Roinne).

6. Aontú gur leor stiúrthóir suímh amháin chun suíomhanna a thochailt áit a mbeidh na suíomhanna i gceist mar chuid de chomhbhraisle suíomhanna scoite, comhtheagmhálach nó cóngarach go maith dá chéile ag féachaint go cuí do mholtaí an tseandálaí tionscadail.

7. Feidhmeannach sinsearach na Roinne a cheapadh, i gcomhairle le Músaem Náisiúnta na hÉireann, chun aon iarratas a imscrúdú laistigh de sheachtain amháin i leith athbhreithniú ar chinneadh d'iarratas ceadúnais.

8. Oifigeach a cheapadh ón Roinn a bhuailfidh leis an seandálaí tionscadail ar bhonn rialta.

9. Critéir a aontú chun críocha suíomhanna agus limistéir le cumas seandálaíochta a aithint, lena múnlófar méid an fhiosraithe seandálaíochta a rachfar ina bhun.

10. Aontú sa chás go nochtar seandálaíocht gan choinne le linn tástála, monatóireacht ar bhaint barrithreach nó ag an gcéim oibriúcháin, ar an modh is praiticiúla de mhaolú seandálaíochta; .i. tochailt agus taifeadadh seachas sa chás go bhfuil an tAire den tuairim go mbaineann tábhacht an-mhór leis an suíomh sa mhéid gur cheart caomhnú a dhéanamh air *in situ*.

## Aguisín 1

### Ról an tSeandálaí Tionscadail ar Mhórscéimeanna Tionscadail

Mar chuid den Chód Cleachtais is amhlaidh a aontaíonn CCÉ go mbeidh forbairtí nua agus sínte molta ag a mbaill faoi réir Mheasúnú Tionchair Sheandálaíochta (MTS) agus ceapfaidh CCÉ seandálaí tionscadail chomh luath agus is féidir .i. ag an réamhphleanáil.

Maidir leis an seandálaí tionscadail:

1. Beidh sé/sí fostaithe ag CCÉ ar feadh tréimhse sonraithe, ach ní cuirfidh CCÉ isteach ar chinntí an tseandálaí tionscadail ar chor ar bith.

2. Bheidh sé/sí freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar fheidhmiú na dtochailtí seandálaíochta lena chinntiú go ndéantar an obair de réir na ráiteas modha comhaontaithe agus laistigh de na hamscálaí comhaontaithe.



3. Rachaidh sé/sí i gcomhthadhall leis an Roinn ar bhonn rialta.

4. Oibreoidh sé/sí go dlúth leis an mball CCÉ agus/nó leis an bhfoireann tionscadail ag roghnú suímh (réamhphleanáil) agus dearadh tionscadail lena chinntiú go dtugtar tábhacht leordhóthanach d'impleachtaí seandálaíochta agus féachaint leis an tionchar ar na suíomhanna seandálaíochta aitheanta nó na limistéir de chumas seandálaíochta seanbhunaithe a íoslaghdú.

5. Ullmhóidh sé/sí an tsonraíocht don seandálaí comhairleach ag an gcéim MTS agus cinnteoidh sé/sí go mbíonn gach obair ullmhúcháin seandálaíochta (staidéar deisce/siúl allamuigh, grianghrafadóireacht ón aer agus suirbhéanna geoifisiceacha más gá, srl.) don MTS ar an gcaighdeán is airde.

6. Cinnteoidh sé/sí go gcloíonn anMTS agus moltaí maolaithe leis an gcleachtas is fearr agus le beartais arna gcinntiú ag an Roinn.

7. Bheidh sé/sí freagrach as a chinntiú go mbíonn eagar ar na hiarratais ar cheadúnais thochailte agus na hiarratais ar thoiliú aireachta sula gcuirtear faoi bhráid na Roinne iad. Caithfear an séadchomhartha náisiúnta lena mbaineann a aithint ina iomláine san iarratas ar thoiliú aireachta, agus caithfear tuairisc iomlán ar na hoibreacha molta a chuimsiú leis. Caithfear ráiteas modha a chur san áireamh leis an iarratas má theastaíonn tochailt seandálaíochta. Is ann sa ráiteas modha a shonrófar an chaoi ina ndéanfar na tochailtí agus freisin na amscálaí do chríochnú taifeadadh na suíomh.

8. Aon athrú molta do Ráitis Mhodha a chur faoi bhráid na Roinne lena cheadú.

9. Beidh air/uirthi a chinntiú go ndéantar maolú seandálaíochta agus tochailtí seandálaíochta ar chaighdeán atá inghlactha don Aire.

10. Déanfaidh sé/sí gach costas seandálaíochta a dheimhniú.

11. Beidh air/uirthi fógra a thabhairt don Roinn nuair a chríochnófar an tochailt.

12. Cinnteoidh sé/sí go mbíonn cineál agus cáilíocht gach tuairisce tochailte de chaighdeán ar inghlactha leis an Aire é, agus go gcuirtear isteach iad laistigh den tráthchlár comhaontaithe.

## Aguisín 2

### An Caidreamh idir an Seandálaí Tionscadail agus an Seandálaí Comhairleach (Sealbhóir Ceadúnais) agus iad i mbun Tochailtí Seandálaíochta

1. Dréachtóidh an seandálaí tionscadail, i gcomhairle leis an seandálaí comhairleach, ráitis mhodha do na tochailtí seandálaíochta a theastaíonn, agus cinnteoidh siad go mbíonn eagar ar na hiarratais ar cheadúnais sula gcuirtear faoi bhráid na Roinne iad.

2. Is é an seandálaí comhairleach a bheidh freagrach as feidhmiú na dtochailtí seandálaíochta, ach ní foláir dóibh na tochailtí a stiúradh de réir fhorálacha an ráitis mhodha chomhaontaithe agus cloí leis na treoracha a thugann an seandálaí tionscadail.



3. Is ar an seandálaí tionscadail agus an seandálaí comhairleach araon a bheidh an fhreagracht as a chinntiú go dtaifeadtar na suímh ina ndéantar tochailt chuig caighdeán ar inghlactha don Aire é agus ar bhealach a bheidh comhsheasmhach le cumas éigeandála na dtochailtí. Is é/í an seandálaí tionscadail a sholáthróidh tuairiscí dul chun cinn tréimhsiúla i leith an chláir sheandálaíochta don Roinn. Rachaidh an seandálaí tionscadail i gcomhthadhaill leis an seandálaí comhairleach lena chinntiú go gcuirtear tuairiscí iomchuí faoi bhráid na Roinne de réir choinníollacha an cheadúnais/toilithe ón aire. Is trí mheán an tseandálaí tionscadail a chuirfear isteach na tuairiscí sin chuig an Roinn.

4. Dá n-éireodh aighneas idir an seandálaí comhairleach agus an seandálaí tionscadail maidir le hiompar na dtochailtí nó nuair a mheasann an ball CCÉ nach indéanta iad na ceangaltais a dhéantar, gur rí-dhaor iad nó go gcuirfidh siad moill mhór leis na hoibreacha a dhéantar, is amhlaidh a chuirfear ar aghaidh an cás chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le teacht ar chinneadh. Luíonn freagracht as bainistiú an chláir sheandálaíochta chomhaontaithe ar an seandálaí tionscadail agus ní bheidh an Roinn ag súil le bheith páirteach i gcúrsaí laethúla. Leagfar béim freisin ar an gcuntar gur féidir an ceadúnas a tharraingt siar sa chás go mainníonn ar an seandálaí cloí leis an ráiteas modha nó le treoracha bailí ón seandálaí tionscadail.